# Gnéithe den Bhailíocht i mBéaltriail Ghaeilge na hArdteiste

Aoife Ní Ghloinn
Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc & Tástáil



Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad
Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta




Ar fáil go luath!!



# Cúlra & comhthéacs: Cén fáth ar gá anailís chriticiúil a dhéanamh ar bhéaltriail na hArdteiste?

Gné an-tábhachtach den oideachas é an measúnú: Spriocanna foghlama a shoiléiriú, tionchar ar an bhfoghlaim


Scrúdú a bhfuil gcuid mhór i ngeall leis (don mhac léinn & don teanga/ tsochaí) – is gá a chinntiú go bhfuil sé ar ardchaighdeán

40% de mharcanna Gaeilge na hArdteiste á mbronnadh ar an mbéaltriail ó 2012

Tionchar mór ag an athrú sin ar chúrsaí teagaisc agus foghlama ach easpa tionchair ar chumas teanga na ndaltaí (Ní Mhaonaigh 2013; 2017; Nic Eoin 2017, Ó Curraoin, 2017; Ó Laoire 2017)

Dréachtsonraíochtaí curaclaim do Ghaeilge na hArdteiste 2021.

# Conas anailís chriticiúil a dhéanamh ar scrúdú teanga?







**Bailíocht** + **Iontaofacht** + **Tionchar**

*Léiriú cruinn ar na scileanna atáthar ag iarraidh a mheas? Aon rud breise a imríonn tionchar ar an measúnú (imní, eolas, scileanna eile)?*

*Comhsheasmhacht an scrúdaithe agus na marcála ó dhuine go duine, ó áit go háit, ó bhliain go bliain?*

*Tionchar ar an teagasc/ bhfoghlaim, ar an gcumas teanga, ar an dearcadh/ inspreagadh i leith na teanga, srl.?*

---



## Praiticiúlacht


*An féidir na prionsabail thuas a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil?*

# Foinsí eolais le tacú leis an anailís/ mbailíochtú

Maunsell (2009)
Ní Mhaonaigh (2013; 2017)
Nic Eoin (2017)
Ó Curraoin (2017)
Ó Laoire (2017)
Dillon (2015)

Tascanna
Dálaí na dtascanna
Scéimeanna marcála

393 múinteoir
282 iardhalta (Ardteist 2012 –2019)
Sampla ionadaíoch – scoileanna DEIS, T1/ T2, srl.
Ardleibhéal & gnáthleibhéal




Siollabas 2010
Ciorcláin
Eolas faoin scrúdú agus faoi chórais CSS

18 múinteoirí &
20 iardhalta



# Príomhphointí

# Iontaofacht

- ✓ Próisis rátála agus caighdeánú na marcanna (oiliúint scrúdaitheoirí, samplaí eiseamláireacha, taifeadadh na scrúduithe, próisis mhonatóireachta, srl.)
- ✓ Reáchtáil na dtascanna struchtúrtha (léamh na filíochta/ an tsraith pictiúr)
- ○ Castacht na sraitheanna pictiúr agus na ndánta
- ○ Sainmhíniú na gcritéar measúnachta
- ○ Ceisteanna agus stíl an agallóra
- ○ Scrúdaitheoir amháin – dhá ról




# Praiticiúlacht



- ✓ Beagnach 50,000 dalta á gcur faoi scrúdú gach bliain

# Bailíocht

- ✓ Réimse tascanna (comhrá, sraith pictiúr, léamh na filíochta)
- ○ Ach bearnaí freisin? (idirghníomhaíocht)
- ○ Dálaí na dtascanna (am pleanála)
- ○ Sainmhíniú ar thógáin na tástála (*construct definition*)
- ○ Tástáil ar scileanna nach mbaineann leis an gcumas teanga - an fhoghlaim de ghlanmheabhair, straitéisí scrúdaithe






# Tionchar

- ✓ Méadú an-mhór ar líon na ndaltaí ag an Ardleibhéal (ó 31–32% go 49% in 2019/ 51% in 2021)
- ○ Béim ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair, ar an gcleachtadh scríofa (fiú sna téacsleabhair)
- ○ Easpa tionchair ar an gcumas teanga

# Réimse na dtascanna: Tástáil ar réimse scileanna

- 5 cheist (ainm, seoladh, srl.)
- Deis don dalta socrú isteach




- 5 dhán ón gcúrsa
- Léitheoireacht os ard
- Gnéithe den fhóineolaíocht

- Freagra monalógach de ghnáth
- Feidhmeanna cumarsáide: Scéal a insint, cur síos
- Réimse leathan topaicí
- Struchtúir faoi leith ghramadaí (bolgáin chainte)
- 3 cheist, ach réamhullmhaithe

- Freagraí níos giorra, sealanna cainte
- Feidhmeanna: Eolas agus tuairimí a thabhairt
- Scileanna comhrá, ach srianta áirithe ag baint leis an idirghníomhaíocht




- Aitheanta mar scil ann féin (sealanna a ghlacadh, ceisteanna a chur, freagairt do chaint an duine eile), tréithe faoi leith ag an gcaint seo
- Spriocanna an tsiollabais

*Roever agus Kasper (2018: 332):*
*This is a serious concern for the real-world use of test scores where speaking scores are usually interpreted by end users as indicating test takers' ability to interact in a variety of settings and with a variety of interlocutors and not just to produce context-free fluent, accurate and complex language.*

# Sainmhíniú ar thógán na tástála (*construct definition*)


Tascanna
(chun samplaí den teanga a bhailiú)

Scéimeanna marcála/ critéir mheasúnachta
(chun na samplaí sin a mheas)

Sainmhíniú ar an tógán agus ar na fothógáin, .i. na scileanna atáthar ag iarraidh a mheas, m.sh. an cumas teanga/ cumarsáideach, líofacht, cruinneas, saibhreas, srl.

Taighde agus teoiricí ar an gcumas teanga, ar phróisis chognaíocha na cainte, ar thréithe na cainte agus na hidirghníomhaíochta labhartha, an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (CEFR)

# Céard atá i gceist leis an gcumas labhartha?



# Tréithe na cainte

*A major difference between speech and writing is that speakers do not usually speak in sentences. Rather, speech can be considered to consist of idea units, which are short phrases and clauses connected with and, or, but or that, or not joined by conjunctions at all but simply spoken next to each other, with possibly a short pause between them. The grammar of these strings of idea units is simpler than that of the written language with its long sentences and dependent and subordinate clauses. This is because speakers are trying to communicate ideas that listeners need to comprehend in real time, as they are being spoken, and this means working within the parameters of the speakers' and listeners' working memory.*

Luoma (2004: 12)




# Sainmhíniú ar chritéir mheasúnachta i mBT na hArdteiste


(leid maidir le tógáin na tástála)

| | Cáipéisí CSS | Stór Gaeilge | Cumas Gaeilge |
|---|---|---|---|
| **Comhrá** | CSS 2010<br>CSS 2018 | "inniúlacht an iarrthóra ar réimse agus ar fhairsinge an stóir focal atá aige/aici a léiriú" | "líofacht agus cruinneas na Gaeilge" |
| | CSS: 'Soiléiriú breise …' | "Stór Gaeilge (Cumarsáid)" | "Cumas teanga (Cruinneas) » |
| **Sraith pictiúr** | CSS 2010<br>CSS 2018 | *Gan sainmhíniú* | *Gan sainmhíniú* |
| | CSS 'Soiléiriú breise' | "Cur síos cumarsáideach (cé chomh maith agus a rinneadh cur síos ar a raibh sa tsraith pictiúr" | "cruinneas/cumas Gaeilge"<br>"cruinneas (caighdeán na Gaeilge)"<br>"caighdeán na teanga, saibhreas agus cruinneas" |
| | CSS 'Ceisteanna a ardaíodh …' | "Cumas Cumarsáide (Stór Focal/ Líofacht/ Cumarsáid)" | "Cumas Teanga (Foghraíocht/Cruinneas)" |


# An ndéantar tástáil ar na scileanna cuí?



# An ndéantar tástáil ar na scileanna cuí?



# Impleachtaí don tástáil ar na scileanna cognaíocha agus ar an gcaint féin



# Impleachtaí don tástáil chumais

- *One assumption of speaking proficiency tests is that the speech produced is spontaneous so that the interpretation of the scores on those tests will be predictive of what examinees can do in these real-world communicative situations. Therefore, when examinees memorize scripts for their oral responses, validity is threatened.* (Gates, et al. 2020: 2)
- *A fully correctly recalled word string tells you nothing about proficiency at all, since anyone, from native speaker to complete beginner, could achieve it with enough effort.* (Wray and Fitzpatrick 2008: 128)
- Tionchar ar leibhéal na tástála: A1-A2 seachas B1-B2






# Cúltionchar (*washback effect*)
# An t-ullmhúchán a dhéantar don chomhrá/ tsraith pictiúr: léargas ó iardhaltaí

Rinne **73%** cleachtadh cainte i mbeirteanna/ i ngrúpaí agus **65%** cleachtadh cainte leis an múinteoir

Dúirt **70%** gur tugadh freagraí samplacha don tsraith pictiúr dóibh agus **61%** gur tugadh freagraí samplacha don chomhrá dóibh


Scríobh **52%** freagraí samplacha don chomhrá ar scoil agus **65%** sa bhaile

D'fhoghlaim **44%** freagraí de ghlanmheabhair don chomhrá agus **47%** don tsraith pictiúr



Cén t-ullmhúchán a rinne tú don bhéaltriail ar scoil?
Daltaí T1 v T2
T2
T1
Scríobh mé amach mo chuid freagraí samplacha féin don chomhrá
55%
41%
Thug an múinteoir freagraí samplacha don chomhrá dom
67%
38%
D'fhoghlaim mé freagraí samplacha don chomhrá de ghlanmheabhair
51%
19%
Thug an múinteoir freagraí samplacha don tsraith pictiúr dom
73%
59%
D'fhoghlaim mé freagraí samplacha don tsraith pictiúr de ghlanmheabhair
42%
24%

# Rannpháirtithe a chreideann go ndéanann an t-agallamh measúnú ar chumas an dalta freagraí a fhoghlaim de ghlanmheabhair

57% ar an iomlán ach …



Téann bailíocht an scrúdaithe i bhfeidhm ar an ullmhúchán a dhéantar dó




Téann an t-ullmhúchán a dhéantar i bhfeidhm ar bhailíocht an scrúdaithe

# Tionchar ar an gcumas teanga

Easpa tionchair ar an gcumas teanga
(Ní Mhaonaigh 2013; 2017; Ó Curraoin 2017)

Aontaíonn **77%** de na hiardhaltaí gur chabhraigh an t-ullmhúchán leo marc maith a fháil sa scrúdú ach **39%** den tuairim gur chabhraigh sé leo caighdeán sásúil a bhaint amach le go bhféadfaidís an teanga a úsáid sa ghnáthshaol.

Bearna idir spriocanna foghlama an tsiollabais (*intended curriculum*) agus an cleachtas sa seomra ranga (*enacted curriculum*) mar gheall ar chúltionchar an scrúdaithe (*washback effect*)

# Cén fáth?
# An fhoghlaim de ghlanmheabhair v. scileanna teanga a fhorbairt


*… the* ***slavish imitation and rote memorization*** *that characterized audiolingual language approaches to language teaching* ***can lead to a dead end****. Learners need to do more than recite bits of perfectly accurate language. They learn as they make the effort needed to understand and make themselves understood in* ***genuinely meaningful interaction.*** *Otherwise, they may have acquired little more than a collection of sentences, waiting for the moment when those sentences will be useful!* (Lightbown and Spada 2006: 184)

*Meaningful learning involves both* ***retention and transfer …*** *When teachers focus on meaningful learning … remembering knowledge is integrated within the larger task of constructing new knowledge or solving new problems. In other words, when meaningful learning is the goal, then remembering becomes a means to an end, rather than the end itself. (*Mayer 2002: 228)

‘*if knowledge is* ***too tightly bound to the context*** *in which it was learned, transfer to superficially different contexts will be reduced significantly*’ (Larsen-Freeman 2013: 115)

Caithfidh tascanna a bheith **dílis don bhrú síceolaíoch agus sóisialta** a bhaineann leis an bhfíorchumarsáid agus leis an idirghníomhaíocht (Larsen-Freeman 2013)

# Conclúidí & Moltaí




Níl aon scrúdú gan locht – cothromaíocht idir BT agus IP

Sainmhíniú cuimsitheach, comhleanúnach ar na tógáin/ na scileanna atáthar ag iarraidh a mheas (bunaithe ar an FTCE/ taighde)

Réimse tascanna – tasc idirghníomhach (Cuir le fad an scrúdaithe? Measúnú leanúnach – punann tascanna?)

Comhsheasmhacht chastacht na dtascanna a chinntiú

Gan tascanna a chur ar fáil roimh ré

Tuilleadh taighde ar conas freastal ar riachtanais grúpaí éagsúla (riachtanais speisialta, gnáth/ardleibhéal, T1/T2)

*Focail scoir …*

*Nuair a bhíonn cuid mhór i ngeall le scrúdú, ní féidir an cúltionchar a sheachaint*



# An scrúdú tiomána

An t-ullmhúchán a dhéantar don scrúdú



An scrúdú




An saol i ndiaidh an scrúdaithe (a bheag nó a mhór!)



dea-thionchar ← scrúdú bailí, dílís don saol (ar bhealach praiticiúil)


# Ní mór pleanáil don chúltionchar agus an curaclam a dhearadh ‘droim ar ais’



4. Teagasc & foghlaim dírithe ar an measúnú ← 3. Tascanna dílse measúnaithe a dhearadh atá dírithe ar 1 & 2 ← 2. Torthaí foghlama an churaclaim ← 1. Spriocúsáid na teanga i saol na ndaltaí i ndiaidh na hArdteiste

dea-thionchar ✓

bailíocht ✓




Go raibh maith agaibh!

Tuilleadh eolais sa tuairisc (ar fáil go luath ar www.cogg.ie)

Fáilte roimh cheisteanna agus aiseolas!

aoife.nighloinn@mu.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil